Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8550/21**

**AGRI 208**
**AGRILEG 99**
**SEMENCES 24**
**PHYTOSAN 15**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Staidéar ar na roghanna atá ag an Aontas chun nuashonrú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí<br>- *Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, nóta cúlra ón Uachtaránacht don mhalartú tuairimí maidir leis an ábhar thuasluaite agus a bheidh ann ag an gcruinniú den Chomhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') an 26 agus an 27 Bealtaine 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## NÓTA CÚLRA MAIDIR LE

### Na roghanna chun nuashonrú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí – Obair leantach ar staidéar an Choimisiúin

1. Bíonn ról lárnach ag ábhar atáirgthe plandaí (PRM) chun go mbíonn talmhaíocht an Aontais níos inbhuanaithe, níos táirgiúla agus níos éagsúlaithe. Tá cineálacha nua, feabhsaithe plandaí ríthábhachtach d'fheirmeoirí chun táirgiúlacht níos fearr agus cáilíocht bhia níos fearr a áirithiú, chun oiriúnú don athrú aeráide agus chun lotnaidí plandaí a chomhrac agus úsáid níos lú a bheith á baint as táirgí cosanta plandaí.

2. Is é ábhar atáirgthe foraoise (FRM) an túsphointe chun foraoisí nua a chruthú agus chun na foraoisí atá ann cheana a athfhoraoisiú. Tá tionchar diúltach agus méadaitheach ag an téamh domhanda cheana féin ar fhoraoisí na hEorpa mar tá réigiúin bhithgheografacha bogtha ó thuaidh agus in airde mar thoradh air.

3. Léiríonn a bhfuil ag titim amach le déanaí gur gá PRM agus FRM chun cur le cuspóirí Chomhaontú Glas na hEorpa agus na straitéisí a bhaineann leis: 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', straitéis an Aontais um oiriúnú don athrú aeráide, an straitéis bhithéagsúlachta, an straitéis Eorpach digiteach agus straitéis nua Foraoise an Aontais.

4. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh ar na roghanna chun nuashonrú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí ('staidéar PRM'). Thíolaic an Coimisiún an staidéar sin an 29 Aibreán 2021.

5. Is é an staidéar PRM, a chlúdaíonn PRM agus FRM araon, an chéim is déanaí i bpróiseas a thosaigh níos mó ná deich mbliana ó shin. I mí na Bealtaine 2013, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí. Dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa don togra sin in 2014 toisc gur mheas sí nach bhféadfaí PRM agus FRM araon a chumhdach le Rialachán amháin agus mar gheall ar roinnt ábhar imní eile. Rinne an Coimisiún an togra a aistarraingt in 2015. Ag an am sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún togra leasaithe a fhorbairt le hathruithe substainteacha.

6. Le blianta beaga anuas tá forbairtí teicniúla nua déanta san earnáil táirgthe agus pórúcháin PRM agus FRM. Ina theannta sin, tá níos mó éilimh ar inbhuaine sa talmhaíocht agus sna foraoisí, ar oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide agus ar mhaolú an tionchair sin, tá gá níos mó le caomhnú cineálacha traidisiúnta agus le forbairt cineálacha atá oiriúnaithe don saothrú orgánach.

7. I staidéar PRM, dearbhaítear go bhfuil príomhthorthaí na hoibre ullmhúcháin do thogra PRM 2013 fós bailí i gcoitinne, fiú sa lá atá inniu ann. Sainaithnítear ann freisin dúshláin nua a léiríonn na forbairtí a tharla san earnáil ó shin.

8. Sainaithnítear sa staidéar PRM na príomhfhadhbanna seo a leanas maidir leis an reachtaíocht atá ann cheana:

- Tá an reachtaíocht ilroinnte, a forbraíodh le blianta fada, ina cúis le heaspa comhleanúnachais idir na Treoracha margaíochta, is féidir í a léiriú ar bhealaí éagsúla, agus cuireann sí le cur chun feidhme neamhchothrom.
- Le nósanna imeachta casta dolúbtha, cuirtear bac ar leasuithe teicniúla agus cruthaítear próiseas anásta cinnteoireachta.
- Fágann dolúbthacht an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair go bhfuil sé níos casta sineirgí a chruthú le beartais eile, go háirithe leis an gComhaontú Glas agus lena straitéisí gaolmhara.
- Níl aon chreat comhchuibhithe agus rioscabhunaithe ann le haghaidh rialuithe oifigiúla.
- Ní cheadaítear leis an gcreat dlíthiúil reatha na forbairtí teicniúla agus eolaíocha go léir a chur san áireamh lena gcruthaítear bacainní maidir le rochtain PRM agus FRM ar an margadh a fhaightear trí dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

9. Sainaithnítear i staidéar PRM na roghanna seo a leanas chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin:

- **Rogha 0: Ná déan aon rud**
  Dírigh ar an reachtaíocht a chur chun feidhme ar bhealach lena gcuirfear san áireamh cuspóirí Chomhaontú Glas na hEorpa agus an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'.
- **Rogha 1: Nósanna imeachta agus comhleanúnachas na reachtaíochta a fheabhsú, agus bearta *ad hoc* a thabhairt isteach chun an inbhuaine a mhéadú**
  Leis an rogha seo, d'áireofaí leasuithe ar na Treoracha chun a struchtúr agus a nósanna imeachta cinnteoireachta a ailíniú, chomh maith le bearta a thabhairt isteach chun tacú leis an inbhuaine.

- **Rogha 2: Solúbthacht chun oiriúnú d'fhorbairtí teicneolaíocha, chun rochtain ar acmhainní géiniteacha a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí inbhuaine ar bhealach comhleanúnach**

  Leis an rogha seo, freastalaítear, ar bhealach níos cuimsithí, ar an ngá atá le tuilleadh inbhuaine, tuilleadh bithéagsúlachta agus le hoiriúnú don athrú aeráide/maolú an athraithe aeráide. Leis an rogha seo, chuirfí san áireamh na saintréithe a bhaineann le síolta a mhalartú idir feirmeoirí, agus d'fhéadfaí an reachtaíocht a chur in oiriúint go héasca d'fhorbairtí eolaíocha agus teicniúla. Áirítear ann dhá fho-rogha, 2A agus 2B, lena dtugtar aghaidh ar roghanna éagsúla beartais a bhaineann le raon feidhme chur i bhfeidhm na dTreoracha, méid na solúbthachta a thugtar d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla, agus rialuithe oifigiúla.

10. Measann an Coimisiún gur gá gníomhaíocht a dhéanamh i réimse PRM agus FRM chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí eolaíocha is déanaí agus ar na hábhair imní a bhí mar bhonn don iarraidh ón gComhairle, agus a dhearbhaítear a thuilleadh le staidéar PRM.

11. Is é tátal an Choimisiúin go bhfuil fianaise leordhóthanach agus bonn eolaíoch leordhóthanach ann chun gníomhaíocht beartais a dhéanamh, agus déanfar measúnú tionchair mar chuid den ghníomhaíocht sin. Dá bhrí sin, tá rún aige, tar éis aird chuí a thabhairt ar thoradh an mheasúnaithe tionchair, togra reachtach a ghlacadh lena ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil reatha.

12. Iarraimid ar na hairí ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26/27 Bealtaine 2021 páirt a ghlacadh i malartú tuairimí ar bhonn na gceisteanna seo a leanas:

    a) *Ar sainaithníodh na fadhbanna ábhartha go léir sa staidéar PRM?*

    b) *An measann tú go bhfuil gá le gníomhaíocht a dhéanamh agus, más ea, cén leibhéal uaillmhéine ba cheart a bheith sa togra maidir le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh?*

    c) *An bhfuil aon roghanna breise le cur san áireamh?*